Choctaw

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhear ón treibh Choctaw atá ina chónaí i nGaeltacht Dhún na nGall. Sula bhféachann tú ar an mír, déan plé leis an duine in aice leat faoina bhfuil ar eolas agaibh faoin Choctaw.



Ceist 2 Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. (ath)dearbhú
2. daonnacht
3. ag cur faoi
4. tá go leor i bpáirt acu
5. bundúchasach
6. macalla
7. beanna na gcnoc
8. gníomh carthanach
9. tá go leor i gcoitinne acu
10. muir agus sliabh
11. cine

Anois, breathnaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus ansin déan cur síos don duine in aice leat ar an méid a d'fhoghlaim tú faoi Waylon Gary White Deer agus faoin treibh Choctaw.

Ceist 4 An tuiseal tabharthach agus córas an tséimhithe

1. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin?
2. Seo samplaí den tuiseal tabharthach a bhí ag Ailbhe. Scríobh amach iad sna canúintí eile:

   - ar an phobal
   - faoin ghníomh
   - ar an bhliain

Ceist 5 '…ó tharla go bhfuil scoláireachtaí staidéir **bronnta** ag an Taoiseach ar mhic léinn Choctaw inné…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom thuas?
2. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos:

   - *Have you made the dinner yet?*
   - *I had just finished the exam on time.*
   - *The room was very cold even though all the doors were closed.*
   - *Please have the dishes washed before I get home.*
   - *Have you learnt the poem I gave you by heart?*
   - *He had the burger eaten within 2 minutes.*
   - *Her work was severely criticised in the newspapers.*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad iad na cosúlachtaí atá ann idir cúlra na nÉireannach agus cúlra na treibhe Choctaw, dar leat?
2. An bhfuil coilíniú ag dul ar aghaidh in áiteanna ar an domhan sa lá atá inniu ann, dar leat? Mínigh.
3. Conas mar a chaitear le bundúchasaigh sna Stáit Aontaithe inniu, dar lear?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

1. (ath)dearbhú – *(re)affirmation*
2. daonnacht – *humanity*
3. ag cur faoi – *living, settled*
4. tá go leor i bpáirt acu – *they share a lot*
5. bundúchasach – *aborigine, aboriginal*
6. macalla – *echo*
7. beanna na gcnoc – *peaks of the hills*
8. gníomh carthanach – *a charitable deed*
9. tá go leor i gcoitinne acu – *they have plenty in common*
10. muir agus sliabh – *sea and mountain*
11. cine – *race, people*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Canúint Uladh.
2. ar an bpobal, faoin ngníomh, ar an mbliain

Ceist 5

1. An aidiacht bhriathartha.
2. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos:

- An bhfuil an dinnéar déanta agat fós?
- Bhí an scrúdú díreach críochnaithe agam nuair a bhí an t-am istigh.
- Bhí an seomra an-fhuar ar fad cé go raibh na doirse ar fad dúnta.
- Bíodh na soithí nite agat, le do thoil, faoin am a bheidh mé sa bhaile.
- An bhfuil an dán a thug mé duit foghlamtha agat de ghlanmheabhair fós?
- Bhí an burgar ite aige taobh istigh de dhá nóiméad.
- Bhí a cuid oibre cáinte go láidir sna nuachtáin.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha
Dearbhú eile ar an daonnacht, an buíochas a ghlac an Taoiseach, Leo Varadkar, leis an bpobal Choctaw in Oklahoma inné, a deir an t-aon duine den treibh sin atá ina chónaí in Éirinn.

Deir Waylon Gary White Deer, ealaíontóir agus scríbhneoir as Oklahoma, atá ag cur faoi i nGaeltacht Dhún na nGall, go bhfuil go leor i bpáirt ag Éireannaigh agus Choctaw.

Ailbhe Ó Monacháin
Sean-nós na mbundúchasach Choctaw as Oklahoma, ag baint macalla as beanna na gcnoc i nDún na nGall.

Waylon Gary White Deer
Is mise Waylon White Deer agus is as Oklahoma mé.

Ailbhe Ó Monacháin
In 1995 a thug Waylon, ealaíontóir agus údar den treibh Choctaw in Oklahoma, a chéad chuairt ar Éirinn. Tá sé anseo i nGaeltacht Chloich Chionnaola. I bhfad roimh chuairt an Taoisigh, Leo Varadkar, ar an phobal Choctaw inné, bhí a fhios ag Waylon faoin ghníomh carthanach a rinne a mhuintir féin in 1847, nuair a chuir siad bailiúchán airgid, $170, go hÉirinn le linn an Ghorta Mhóir.

Deir Waylon gur athdhearbhú ar ár ndaonnacht atá i mbuíochas na tíre seo dá mhuintir féin inné, go bhfuil go leor i gcoitinne ag an Éireannach agus ag an Choctaw. Tá Waylon ar a shuaimhneas anseo lena chuid ealaíne, idir muir agus sliabh. Agus, ó tharla go bhfuil tréan Gaeilge thart air, ní thiocfaidh tart a choíche air.

Waylon Gary White Deer
Agus, pionta Guinness le do thoil.

Ailbhe Ó Monacháin
Faoi láthair, is é an t-aon duine den chine Choctaw anseo in Éirinn é, ach ní mar sin a bheas ar an bhliain seo chugainn, ó tharla go bhfuil scoláireachtaí staidéir insan[1] tír seo bronnta ag an Taoiseach ar mhic léinn Choctaw inné.

Cuirfimid fáilte roimh na daoine óga, nó mar a deir siad sa teanga s'acusan….

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i gCaiseal na gCorr, Contae Dhún na nGall.

[1] *sa* an leagan caighdeánach